C/2024/4780

29.7.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2075 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2024/2074 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

(C/2024/4780)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú faoi láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2075 ón gComhairle ([2]) agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2074 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú faoi láthair sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine agus na heintitis sin.

Cuirtear in iúl do na daoine agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 26 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 1 Eanáir 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
Belgique/België
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.
([2]) IO L, 2024/2075, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2075/oj.
([3]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/2074, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2074/oj.